



A Phríomhoide, a chara,

Mar is eol duit, tá an Rialtas tiomanta do fhreagra daonnúil a sholáthar chun fáilte a chur roimh dhaoine atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin agus atá ag lorg cosanta in Éirinn.

Tá na céadta daoine ag teacht go hÉirinn gach lá as an Úcráin, agus is leanaí mórán acu.

Cheana féin, tá fáilte curtha ag roinnt scoileanna roimh leanaí agus roimh dhaoine óga as an Úcráin a tháinig chucu agus iad ag iarraidh clárú. Is mór ag an Aire bhur bhfreagairt thapa agus bhur bhfáilte.

D'fhéadfadh an t-eolas thíos a bheith úsáideach do phobail scoileanna ag an am seo. Tá an cás seo ag athrú i gcónaí, agus leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag déanamh cumarsáide le scoileanna agus leis na comhpháirtithe oideachais sna seachtainí seo amach romhainn maidir leis an ábhar seo.

Soláthar oideachais do leanaí a thagann as an Úcráin

Is tairbhíthe faoin Treoir um Chosaint Shealadach iad na leanaí atá ag teacht go hÉirinn as an Úcráin ag an am seo. Dearbhaítear leis an Treoir sin an ceart atá acu oideachas a fháil sa chóras oideachais phoiblí, chomh maith le cearta eile, ar feadh achar sealadach, agus ar an mbonn céanna le saoránaigh de chuid an Aontais Eorpaigh.

Leanaí a chlárú sa scoil

Má thagann teaghlach chuig do scoil ag lorg áit sa scoil agus má tá sé d'acmhainn agat áit a thairiscint do leanbh nó do leanaí, déan é sin, le do thoil.

Cláraigh an leanbh a luaithe agus is féidir ar POD/P-POD, mar go gcinntíonn sé sin go mbeidh sonraí cruinne ar fáil maidir le líon na leanaí atá ag clárú inár gcuid scoileanna agus go gcabhróidh sé lena chinntiú go mbeidh acmhainní ar fáil chun tacú lena gcuid riachtanas.

Má tá éileamh ar áiteanna i do scoil ó leanaí ón Úcráin agus nach féidir le do scoil an t-éileamh sin a shásamh, le do thoil,

- tacaigh leis an teaghlach trí theagmháil a dhéanamh le scoil eile más féidir, má cheapann tú go mbeadh an acmhainn ag an scoil sin nó
- tabhair sonraí dóibh faoi sheirbhís tacaíochta Tusla agus cabhróidh an tseirbhís sin leo. Is féidir leat an nasc seo a úsáid chun teagmháil a dhéanamh leo: <https://www.tusla.ie/tess/get-in-touch/#EWO> nó



- déan teagmháil le líne chabhrach na Roinne do Phríomhoidí ar 057 9324461.

Usupport@education.gov.ie

Beidh an líne chabhrach ag feidhmiú ó Luan go hAoine.

Tacaíocht do Leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu.

D'fhéadfadh sé go mbeadh tráma agus cruatan fulaingthe ag leanaí atá ag teacht ón Úcráin. Sholáthair an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais eolas faoin mbealach ar féidir le scoileanna tacú le leanaí ar cuireadh as dóibh ar an mbealach sin.

<https://www.gov.ie/ga/foilsiuhan/0504a-tacu-le-leanai-agus-daoine-oga-le-linn-cogaidh/>

Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh riachtanais speisialta oideachais ag roinnt de na leanaí sin – is féidir le d'Eagraí Riachtanas Speisialta Oideachais (SENO) áitiúil cabhrú leat maidir le tacaíocht a thabhairt do na leanaí sin. <https://ncse.ie/regional-services-contact-list>

Ábhair don Béarla mar Theanga Bhreise (EAL).

Is é is dóichí ná go mbeidh scileanna teanga Béarla na leanaí atá ag teacht ón Úcráin teoranta.

Tá ról an-tábhachtach ag teanga maidir le cabhrú le leanaí/scoláirí eispéiris a shoiléiriú agus a léirmhíniú, mothúcháin agus smaointe a iniúchadh, agus tuiscint níos fearr a fháil ar an domhan timpeall orthu. Mar aitheantas don tábhacht a bhaineann le teanga maidir le heispéiris daoine aonair a mhúnlú, tá réimse ábhar foilsithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) chun tacú le foghlaimoirí a bhfuil Béarla mar theanga bhreise (EAL) acu ar fud earnálacha na luathóige, na bunscolaíochta agus na hiar-bhunscolaíochta. Tá sé mar chuspóir ag na hábhair sin tacú le múinteoirí agus le cleachtóirí luathóige chun forbairt teanga foghlaimoirí EAL a chothú.

Tá treoir do chuid de na hábhair sin ceangailte leis seo, agus is féidir iad a fháil ar shuíomhanna gréasáin CNCM: NCCA.ie, curriculumonline.ie and Aistear Síolta Practice Guide. Tá sé beartaithe tuilleadh ábhair a chur leis chun forlíonadh a dhéanamh ar an méid atá ar fáil cheana féin.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) do Mhúinteoirí

Dearadh Curaclam Teanga na Bunscoile (PLC) mar churaclam ionchuimsitheach do gach leanbh. Tá roinnt soláthair curtha ar fáil go discréideach ag an tSeirbhís um Forbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) do thacaíochtaí sonracha EAL ag an mbunscoil, agus iad dírithe ar oideolaíocht



ionchuimsitheach, meas ar éagsúlacht teanga chomh maith le cultúr agus teanga teaghligh an scoláire a chur chun cinn agus foghlaim agus cumarsáid idirchultúrtha scoláirí a fhorbairt. Tá acmhainní do mhúinteoirí bunscoile ag PDST ar a suíomh gréasáin anseo, agus déanfar é a uasdátú ar bhonn leanúnach.

<https://www.pdst.ie/primary/literacy/EAL>

Ag leibhéal na hIar-Bhunscoile, tá tacaíocht shaincheaptha ionscoile PDST ar fáil ach í a iarraidh, agus an tacaíocht sin dírithe ar oibriú le múinteoirí i dtaca leis na riachtanais tosaigh a bhaineann leis na leanaí go léir a chuimsiú i bpobal na scoile, pleanáil scoile uile do EAL, straitéisí teagaisc don ionchuimsitheacht agus tacaíochtaí teanga ar leith. Ionas go ndéanfar foghlaiméirí EAL a chuimsiú sa seomra ranga a oiread agus is féidir, féadfaidh múinteoirí ábhair cuir chuige a úsáid chun sócmhainní dátheangacha a gcuid scoláirí a dhaingniú go gníomhach.

Tá acmhainní do PP EAL ar fáil anseo

<https://www.pdst.ie/post-primary/literacy/eal>

Déanfaidh PDST teagmháil dhíreach leis na scoileanna freisin chun an réimse tacaíochtaí atá ar fáil a leagan amach ar bhealach níos mionsonraí.

Is iad seo a leanas naisc shonracha na suíomhanna gréasáin do scoileanna

<https://pdst.ie/primary/literacy/eal>

<https://pdst.ie/post-primary/literacy/eal>

Eolas do theaghligh

Tá na hoifigigh atá ag fáiltiú roimh dhaoine atá ag teacht ón Úcráin ag ár gcalafoirt agus ag ar n-aerfoirt ag soláthar eolas fíor-riachtanach do theaghligh nuair a thagann siad. I measc an eolais sin tá eolas bunúsach maidir leis an gceart don oideachas atá ag leanaí agus conas áit scoile a aimsiú.

Tá an t-eolas á choinneáil cothrom le dáta ar gov.ie/Ukraine i mBéarla, i Rúisis agus in Úcráinis.

Tabharfar tacaíocht do leanaí idir ceithre bliana agus ocht mbliana d'aois chun rochtain a fháil ar oideachas poiblí bunscoile agus iar-bhunscoile atá á sholáthar ag an Stát de réir mar is cuí.

Costais a bhaineann le freastal ar scoil

D'fhéadfadh sé go mbeadh teaghligh i dteideal tacaíochtaí atá á soláthar ag an Roinn Coimirce Sóisialta. Tá eolas faoi sin in Úcráinis agus i Rúisis ar gov.ie/Ukraine



Socruithe maidir le hiompar scoile

Tá próiseas nua á chur i bhfeidhm ag an Roinn i gcomhairle le Bus Éireann chun soláthar Sheirbhísí na Scéime Iompair Scoile a éascú do leanaí atá ag teacht go hÉirinn ón Úcráin.

Nuair a bheidh sé socraithe, beidh nasc chuig foirm (a bheidh ar fáil freisin in Úcráinis agus i Rúisis) do theaghlaigh/theaghlaigh óstála chun í a chomhlánú chun cur isteach ar iompar scoile. Beidh an fhoirm sin ar fáil ar Gov.ie agus scaipfear tuilleadh eolais go luath.

Cuirfear áiteanna ar fáil go tapa do leanaí ar na seirbhísí atá ann cheana féin nuair atá spás ar fáil. Ní ghearrfar táille ar leanaí chun a dticéad a fháil agus déanfar na gnáthchritéir incháilitheachta a tharscaoileadh. Mura bhfuil aon seirbhís ná aon acmhainn ann, is féidir deontas ceantair iargúlta a thairiscint don teaghlach de réir mar is cuí.

Beidh sonraí breise á n-eisiúint go gairid maidir leis an bpróiseas sin. Idir an dá linn, tá an Roinn ag déileáil le hiarratais ar bhonn cásanna aonair. Ba cheart ceisteanna/iarratas a sheoladh chuig Iompar Scoile ag transportapplications@education.gov.ie nó ar an bhfón le linn uaireanta oifige chuig 057 9325467.

An stádas reatha agus pleanáil amach anseo

Faoi láthair, níl ach líon beag leanaí ag clárú i scoileanna.

Táimid ag súil go dtiocfaidh fás suntasach ar an líon sin sna seachtainí seo amach romhainn. Tuigimid go gcuirfidh sé sin brú ar áiteanna scoile agus ar thacaíochtaí eile, agus tá pleananna á gcur i bhfeidhm againn chun tacú leis sin. Cuirfimid tuilleadh sonraí ar fáil faoin mbealach a bhfuil súil againn tacú le scoileanna agus le teaghlaigh a bhfuil tionchar ag an ngéarchéim seo orthu sna seachtainí seo amach romhainn.

Tá an Roinn Dlí agus Cirt ag soláthar sonraí faoi líon na ndaoine faoi 18 mbliana d'aois atá ag teacht don Roinn ionas gur féidir linn pleanáil don riachtanas agus é ag teacht chun cinn.

Táimid ag pleanáil don ghearrthéarma, don mheántéarma agus don fhadtéarma. De réir mar a thagann fás ar na huimhreacha, leanfaimid de bheith ag obair go dlúth le ranna rialtais agus le gníomhaireachtaí eile chun a chinneadh cá gcuirfear lóistín ar fáil do dhaoine, mar go mbeidh tionchar aige sin ar na háiteanna ina dteastóidh soláthar oideachais. Tá an Roinn ag obair leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta chun tacú le cur chuige comhordaithe agus teaghlach-lárnach ar fud



na scoileanna agus an bhreisoideachais chun freastal ar riachtanais Bhéarla daoine fásta agus leanaí as an Úcráin.

Tuigeann an tAire agus an Roinn go bhfuil scoileanna á gcur féin in oiriúint don laghdú ar shrianta Covid-19 agus gur tharla athrú agus cur isteach suntasach le tamall anuas.

Bhí pobail scoile chun tosaigh maidir le cúram a dhéanamh d'fholláine scoláirí chomh maith leis an oideachas.

Ciallaíonn an ghéarchéim dhaonnúil a bhfuil ar mhuintir na hÚcráine aghaidh a thabhairt uirthi go mbeidh dúshláin romhainn go fóill ach gur dúshláin de chineál eile a bheidh iontu. Go raibh maith agat as do chuid iarrachtaí go léir chun tacú leo agus fáilte a chur rompu isteach inár bpobail.

Ar an Lá Fhéile Pádraig seo, beidh foirgnimh na Roinne Oideachais i mBaile Átha Cliath soilsiithe le dath gorm agus buí mar chomhartha dlúthpháirtíochta le muintir na hÚcráine.

Beannachtaí na Féile Pádraig oraibh go léir.